



Plean Cur i bhFeidhm Dhualgas na hEarnála Poilbí i Leith Comhionannais agus Cearta an Duine

MEITHEAMH 2025

Sármhaitheas trí Oideachas agus Oiliúint

Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Contents

1.	Dualgas na hEarnála Poilbí i leith Comhionannais agus Cearta an Duine.....	3
2.	Measúnú ar Shaincheisteanna Comhionannais agus Chearta an Duine.....	4
3.	Cur i bhFeidhm an Dualgais in BOOLUF a Chumasú	12
4.	An Dualgas a Chur i bhFeidhm.....	14
5.	Tuairisciú ar chur i bhfeidhm an Dualgais	17
6.	Gníomhartha Tosaíochta a Shainaithint.....	18
	Aguisín A.....	21
	Aguisín B.....	24

1. Dualgas na hEarnála Poiblí i leith Comhionannais agus Cearta an Duine

Tá Dualgas na hEarnála Poiblí i leith Comhionannais agus Cearta an Duine leagtha amach in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.¹ Tá dhá Dhualgas in Alt 42 ar dualgais ar leithligh iad, ach atá idirnasctha lena chéile:

Is ceanglas leanúnach ar chomhlachtaí poiblí é Alt 42(1), an Dualgas foriomlán, chun aird a thabhairt ar an ngá atá leis an méid seo a leanas:

- An t-idirdhealú a dhíchur;
- Comhionannas deiseanna agus córa dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn, agus
- Cearta daonna a chomhaltaí, a fhoirne agus na ndaoine a soláthraíonn sé seirbhísí dóibh a chosaint.

Is ceanglas é Alt 42(2), an Dualgas Straitéiseach, ar chomhlachtaí poiblí, mar chuid dá dtimthriall pleanála straitéisí agus tuairiscithe, trí chéim a dhéanamh:

- **Céim 1. Measúnú:** Déan measúnú ar na saincheisteanna i dtaobh comhionannais agus cearta an duine atá os comhair na grúpaí atá sainaitheanta i ndáil leis an Dualgas, a bhfuil baint acu le feidhmeanna an chomhlachta poiblí sin, agus an measúnú sin a chur ar fáil go poiblí, trína phlean corparáideach.
- **Céim 2. Tabhairt Faoi:** Na pleananna, na beartais agus na gníomhartha atá á ndéanamh nó atá beartaithe lena ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine agus a sainaithníodh sa mheasúnú a shainaitheant agus a chur in iúl trína phlean corparáideach; agus
- **Céim 3. Tuairisciú:** Tuarascáil bhliantúil a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar éachtaí i dtaobh cur i bhfeidhm an Dualgais, agus an tuarascáil seo a chur ar fáil go poiblí trína tuarascáil bhliantúil.

Is iad na grúpaí aitheanta don Dhliteanas:

- Na grúpaí sin atá faoi chosaint faoi na naoi bhforas sa reachtaíocht comhionannais: inscne (lena n-áirítear féiniúlacht inscne), aois, stádas teaghlaigh (lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus iad siúd atá ag tabhairt aire do dhaoine dá dteaghlach), stádas sibhialta, míchumas, claonadh gnéasach, cine (lena n-áirítear bunadh eitneach, náisiúntacht, agus dath craicinn), creideamh, agus a bheith ina ndaoine den Lucht Siúil.
- Daoine a bhfuil taithí acu ar idirdhealú agus eisiámh sóisialta ar bhonn is faoi mhíbhuntáiste a stádais socheacnamaíoch.

1. [Alt 42](#) An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

2. Measúnú ar Shaincheisteanna Comhionannais agus Chearta an Duine

2.1. Réamhrá

Tá measúnú déanta ag BOOLUF ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna, i ndáil leis na grúpaí a sainaitníodh, ar ceisteanna iad atá ábhartha do phríomhfheidhmeanna na heagraíochta.

Tá an measúnú riachtanach faoi Alt 42(2) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Áirítear in Alt 42(2) oibleagáidí reachtúla sonracha is gá comhlacht poiblí a ghlacadh orthu féin chun tacú le comhlíonadh an Dualgais reachtúil fhoriomlán, a leagtar amach i 42(1) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Is é an chéad cheann de na hoibleagáidí reachtúla seo, in Alt 42(2), measúnú a dhéanamh ar chomhionannas agus ar chearta an duine do na baill foirne, na úsáideoirí seirbhíse agus do thairbhíthe beartais, ó na grúpaí atá sainaitheanta don Dualgas, atá ábhartha dár bhfeidhmeanna agus dár gcuspóir mar BOO.

Ní measúnú é seo ar fheidhmíocht BOOLUF i ndáil lena chuid oibre chun aghaidh a thabhairt ar imní maidir le comhionannas agus cearta an duine. Is measúnú é ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta daonna atá os comhair na ngrúpaí atá sainaitheanta faoin Dualgas, go háirithe, na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna sin a bhfuil ábharthacht acu maidir le feidhmeanna BOO. Is é cuspóir an mheasúnaithe a chinntiú go nglacfar le cur chuige atá bunaithe ar fhianaise chun eolas a chur ar fáil dár gcuid oibre leanúnaí chun an Dualgas in BOOLUF a chur i bhfeidhm.

Tá an measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta daonna leagtha amach i ndá chuid: sainaitníonn cuid a haon (atá leagtha amach thíos) na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna atá ábhartha dár bhfeidhmeanna agus dár gcuspóir mar BOO. I gCuid a dó, tá an bonn fianaise as a dtógtar na saincheisteanna. Tá an measúnú iomlán agus an bonn fianaise ar fáil mar dhoiciméad ar leithligh.

Cuirfear an measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta daonna ar fáil go poiblí, i gcomhréir le ceanglais Alt 42(2), agus déanfaidh BOOLUF é a nuashonrú go tréimhsiúil.

Úsáideann BOOLUF cur chuige atá bunaithe ar luachanna chun fráma a chur ar ár gcuid oibre chun an Dualgas a chur i bhfeidhm. Is iad croíluachanna BOOLUF ná Sármhaitheas san Oideachas, an Pobal, Cúram, Comhionannas agus Meas. Maidir leis na luachanna lárnacha seo, tá siad dírithe go tréan ar chóir chomhionann, ar chuimsiú, ar mheas, ar ghuth an duine, ar an éagsúlacht, ar chearta a choinneáil i bhfeidhm, agus ar acmhainní a spriocdhírú dóibh siúd is mó a bhfuil gá acu leo.

Dá bhrí sin, feidhmíonn ár gcroíluachanna mar chreat tábhachtach chun treoir a thabhairt dár gcuid oibre leanúnaí ar an Dualgas.

Leagtar amach na saincheisteanna comhionannais agus chearta daonna a bhaineann lenár bpríomhfheidhmeanna, mar a measúnaíodh iad, de réir chroíluachanna BOOLUF a bhfuil ábharthacht ag baint leo chun dul i ngleic le hábhair inní i dtaobh chomhionannas agus chearta daonna: Pobal, Cúram, Meas, agus Comhionannas. Leis an gcreat seo is féidir linn na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine ar gá aghaidh a thabhairt orthu a chinneadh i gcomhréir le croíluachanna na heagraíochta.

2.2. Measúnú ar Shaincheisteanna Comhionannais agus Cearta Daonna

Agus an measúnú seo á dhéanamh, tá BOOLUF tar éis a chinntiú go bhfuil sé ailínithe leis an treoir a d'eisigh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, lena n-áirítear go bhfuil an measúnú bunaithe ar fhianaise agus go n-áirítear comhairliúchán le geallsealbhóirí tábhachtacha.²

Baineann na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a shainaithnítear thíos leis na **grúpaí uile a shainaithnítear don Dualgas, mura luaitear a mhalairt**. I gcásanna áirithe, déantar tagairt shonrach freisin do cheann amháin nó níos mó de na grúpaí a sainaitníodh, i gcás ina léiríonn na sonraí atá ar fáil: taithí uathúil don ghrúpa sin maidir leis an gceist/na saincheisteanna; nó go bhfuil an grúpa/na grúpaí ag fulaingt neamhionannais/idirdhealú/sárúithe suntasacha/leanúnacha ar chearta an duine maidir leis an gceist/na saincheisteanna.

Comhionannas

In BOOLUF, áirítear leis an **gComhionannas** fócas ar chóireáil chomhionann agus ar dhíriú acmhainní ar bhonn riachtanais.

Is iad seo a leanas na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine atá le réiteach, agus atá ábhartha do luach na Comhionannais:

- *Idirdhealú a bhaineann le fostaíocht*³ do na grúpaí uile a sainaitníodh (agus iad ag lorg oibre agus/nó san ionad oibre). Go háirithe, léirítear leis na sonraí:

2. Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (2024) Dualgas na hEarnála Poiblí i Leith Comhionannais agus Cearta an Duine a Chur i bhFeidhm: Treoir do chomhlachtaí poiblí, an dara heagrán.

3. Mar a shainmhínear faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta.

- ardleibhéil idirdhealaithe, **nuair a lorgáítear fostaíocht** don Lucht Siúil agus grúpaí mionlaigh eitneacha eile, daoine faoi mhíchumas, agus daoine trasinscneacha, agus
- leibhéil arda idirdhealaithe san ionad oibre i gcás: grúpaí mionlaigh eitneacha, mná, daoine faoi mhíchumas, agus daoine trasinscneacha.
- **Leithcheal agus iarracht á déanamh rochtain a fháil ar sheirbhísí tábhachtacha⁴**, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint, agus/nó páirt a ghlacadh iontu. Go háirithe, léirítear leis na sonraí:
 - leibhéil arda idirdhealaithe a bhíonn á bhfulaingt ag daoine den Lucht Siúil agus iad ag rochtain ar oideachas agus ag glacadh páirte ann.
- **Torthaí oideachais ísle do roinnt de na grúpaí a sainaithníodh, mar gheall ar raon bacainní.** Go háirithe, léirítear leis na sonraí:
 - luathfhágáil scoile i measc daltaí den Lucht Siúil agus LADTI, mar thoradh ar bhacainní amhail ciapadh/mí-úsáid bunaithe ar chéannacht;
 - drochthorthaí oideachais do dhaoine den Lucht Siúil, agus do mhic léinn faoi mhíchumas (go háirithe iad siúd a bhfuil míchumas intleachtúil agus míchumas foghlama orthu);
 - easpa áiteanna scoile (go háirithe ag leibhéal na hiar-bhunscoile) do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu;
 - bacainní maidir le rochtain a fháil ar chúrsaí oideachais bhreise agus ardoideachais, d'imirceach a bhfuil stádas inimirce neamhchinnte acu.
- **Bacainní ar rannpháirtíocht** maidir leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil i ndáil le roinnt de na grúpaí a sainaithníodh, mar gheall ar shaincheistean amhail eisiamh digiteach (daoine scothaosta agus daoine atá ina gcónaí i mbochtaineacht); costais a bhaineann le páirt a ghlacadh in oideachas (daoine atá ina gcónaí i mbochtaineacht/i mbaol bochtaineachta); rochtain ar chúram leanaí agus inacmhainneacht an chúraim leanaí (mná, go háirithe tuismitheoirí aonair); bacainní teanga (daoine nach í an Béarla a gcéad teanga); easpa cóiríochta do dhaoine le cineálacha éagsúla míchumais; bacainní rialála ar rochtain a fháil ar sheirbhísí atá maoinithe ag an stát (roinnt inimirceach); agus eisiamh sóisialta agus míbhuntáiste (daoine i bpríosún).
- **Dífhostaíocht agus tearcfhostaíocht** i ndáil le roinnt grúpaí aitheanta. Go háirithe, léirítear leis na sonraí:
 - leibhéil ísle rannpháirtíochta sa mhargadh saothair do: daoine óga, daoine faoi mhíchumas, an Lucht Siúil agus grúpaí mionlaigh eitneacha eile, agus tuismitheoirí aonair;

4. Mar a shainmhínítear faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann.

- easpa líonraí agus naisc a bhaineann le fostaíocht agus oiliúint don Lucht Siúil, chun cabhrú leo fostaíocht agus tuilleadh oideachais agus oiliúna a fháil;
- bacainní maidir le rochtain ar fhostaíocht atá os comhair imircigh a bhfuil stádas inimirce neamhchinnte acu; agus
- tearcfhostaíocht ban agus tiúchan níos airde ban i bhfostaíocht pháirtaimseartha agus neamhchinnte, mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim.
- **Easpa rochtana ar ardú céime agus deiseanna gairme. Go háirithe, léirítear leis na sonraí:**
 - rátaí níos airde idirdhealaithe a bhaineann le hardú céime san ionad oibre do mhná agus do dhaoine scothaosta; agus
 - tionchar freagrachtaí cúraim agus teorainneacha ar ardú céime agus deiseanna gairme eile, do mhná.
- **Leibhéil ioncain ísle do go leor de na grúpaí a sainaitníodh. Go háirithe, léirítear leis na sonraí:**
 - is dóichí go mbeidh mná, go háirithe tuismitheoirí aonair, agus grúpaí mionlaigh eitneacha i mbun oibre páirtaimseartha/ar phá íseal/ar obair neamhchinnte;
 - na bearnaí pá agus pinsin inscne; agus
 - spleáchas ar thacaí cosanta sóisialta chun rochtain a fháil ar oideachas agus ar fhostaíocht nó leanúint ar aghaidh leo (i gcás daoine atá dífhostaithe, daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair).
 - Freagairt neamhleor ar fhreagrachtaí cúraim, chun ligean do mhná agus d'fhir páirt a ghlacadh go cothrom i bhfostaíocht agus in oideachas. Go háirithe, léirítear leis na sonraí:
 - an comhroinnt mhíchothrom ar fhreagrachtaí cúraim idir mná agus fir;
 - an easpa cúram leanaí inacmhainne agus inrochtana a fheidhmíonn mar bhac fostaíochta agus oideachais, go háirithe do thuismitheoirí aonair; agus
 - easpa roghanna fostaíochta solúbtha/cothromaíochta oibre is saoil leordhóthanacha.
- **Bacainní ar rochtain le haghaidh fostaíochta agus oideachais do dhaoine a bhraitheann ar iompar poiblí, go háirithe daoine i gceantair nach bhfuil freastal leordhóthanach ar iompar poiblí orthu;**
- **Bochtaineacht. Go háirithe, léirítear leis na sonraí:**
 - trasnú míbhuntáiste socheacnamaíoch le neamhionannas agus idirdhealú atá bunaithe ar chéannacht (go háirithe i gcás: tuismitheoirí aonair, an Lucht Siúil, grúpaí eitneacha mionlaigh, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, daoine óga a bhfuil stádas socheacnamaíoch níos ísle acu, agus daoine trasinscneacha);

- an costas toirmeascach a bhaineann le rochtain a fháil ar BO&O agus páirt a ghlacadh ann i dtaobh daoine atá ina gcónaí i mbochtaineacht/i mbaol bochtaineachta;
- easpa teidlíochta ar liúntas BO&O d'imircigh atá ag feitheamh ar chinneadh maidir lena stádas inimirce;
- taithí agus cás sonrath daoine óga atá ina gcónaí sa chóras cúraim nó a d'fhág an córas cúraim; agus
- eisiámh/éagothromaíocht dhigiteach (lena n-áirítear easpa rochtana ar fheistí nó ar sheirbhísí idirlín) do: daoine atá ina gcónaí i mbochtaineacht, daoine atá ina gcónaí i gcóiríocht róphlódaithe (an Lucht Siúil); agus daoine scothaosta.
- **Eisiámh digiteach.** Go háirithe, léirítear leis na sonraí:
 - Ardleibhéil eisiámh dhigitigh do: daoine scothaosta; daoine faoi mhíchumas; agus daoine óga atá aicmithe mar 'nach bhfuil i bhfostaíocht ná in oideachas'.
- **Easpa dídine agus stádas neamhchinnte cóiríochta a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar a dtorthaí fostaíochta agus oideachais.** Go háirithe, léirítear leis na sonraí:
 - riosca níos airde go mbeidh míbhuntáiste ort i measc tithíochta ilghnéithe (idirdhealú maidir le rochtain ar chóiríocht, cáilíocht na cóiríochta (lena n-áirítear plódú mar shampla), agus riosca go mbeidh tú gan dídean, i gcás: An lucht siúil agus grúpaí mionlaigh eitneacha eile; daoine faoi mhíchumas; agus tuismitheoirí aonair; agus
 - neamhoiriúnacht chóiríochta soláthair dhírigh do theaghlaigh, agus easpa roghanna cóiríochta dóibh siúd atá ag fágáil soláthair dhírigh.
- **Stádas sláinte míchothrom** i ndáil le roinnt grúpaí, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar a dtorthaí fostaíochta agus oideachais. Go háirithe, léirítear leis na sonraí:
 - minicíocht ard fadhbanna sláinte meabhrach i measc daoine óga, daoine óga den Lucht Siúil, agus daoine óga LADTI, agus deacrachtaí sláinte meabhrach luaite mar chúis choitianta le scor ón oideachas;
 - an tionchar diúltach a bhíonn ag ciapadh bunaithe ar chéannacht ar shláinte mheabhrach agus ar fholláine na n-íospartach;
 - leibhéil arda féindhíobhála i measc daoine den phobal LADTI+;
 - rátaí féinmharaithe an-ard i measc phobal an Lucht Siúil, go háirithe i measc ógánaigh an Lucht Siúil; agus
 - an tionchar diúltach ar an tsláinte, ar leanaí agus ar dhaoine fásta, a bhaineann le maireachtáil sa chóras soláthair dhírigh.

Meas agus Comhionannas

In BOOLUF, áirítear le **Meas** fócas ar dhínit agus cearta daoine a choinneáil slán agus aitheantas a thabhairt dá gcúlra agus dá bhféiniúlacht.

In BOOLUF, áirítear le **Comhionannas** fócas ar aitheantas agus ceiliúradh na héagsúlachta agus tús áite a thabhairt do chultúr cuimsitheachta.

Is iad seo a leanas na saincheistanna comhionannais agus chearta daonna atá le réiteach a bhaineann le luachanna an Mheasa agus an Chomhionannais:

- *Ciapadh bunaithe ar chéannacht agus ciapadh gnéasach*⁵, a chuireann cosc ar rochtain ar fhostaíocht agus ar sheirbhísí tábhachtacha, lena n-áirítear oideachas, agus ar rannpháirtíocht iontu. Go háirithe, léirítear leis na sonraí:
 - ardleibhéil ciapadh gnéis a bhíonn ag mná san ionad oibre,
 - leibhéil arda ciapadh agus bulaíochta bunaithe ar chéannacht (lena n-áirítear i suíomhanna oideachais agus in áiteanna oibre) a bhíonn á fulaingt ag daoine LADTI, an Lucht Siúil agus grúpaí mionlaigh eitneacha eile.
- *Tionchar ciapadh/mí-úsáide bunaithe ar chéannacht agus ciapadh gnéasach ar íospartaigh a d'fhéadfadh a dtorthaí fostaíochta agus oideachais a laghdú*: tionchar diúltach ar a sláinte mheabhrach agus fhisiciúil; tionchar diúltach ar a muinín agus a bhfeidhmíocht san obair/oideachas; oideachas/fostaíocht a chailleadh nó a fhágáil mar thoradh ar an mí-úsáid; is féidir le foréigean baile tionchar an-diúltach a bheith aige ar rannpháirtíocht iomlán na mban i bhfostaíocht agus in oideachas.
- *Steiréitíopaí agus claontacht* a bhaineann an bonn de chumas grúpaí sainaitheanta agus a mbíonn tionchar diúltach acu ar a seansanna agus a dtorthaí fostaíochta agus oideachais, lena n-áirítear go háirithe:
 - steiréitíopaí inscne ar mhná i ndáil le: róil agus cumais chúraim; toimhdí fostóirí faoi infhaighteacht agus/nó tiomantas ban in aois toirchis/a bhfuil leanaí acu; agus claonadh i measúnú feidhmíochta agus dul chun cinn gairme na mban, a mbíonn tionchar diúltach aige ar thorthaí fostaíochta;
 - steiréitíopaíocht i ndáil le cumais daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta;
 - steiréitíopaí faoi uailmhian agus cumas an Lucht Siúil, rud a fhágann go bhfuil ionchais ísle ann maidir le daltaí den Lucht Siúil.
 - coincheapa leatromacha i ndáil le cultúir uachtaracha agus íochtaracha, rud a fhágann go gcaitear go diúltach le grúpaí mionlaigh eitneacha;

5. Mar a shainmhínítear faoin reachtaíocht comhionannais (na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Stádas Comhionann).

- inscneachas, ciníochas, homafóibe, trasfóibe, neamhchumasachas, agus aoiseachas: ag an leibhéal aonair agus institiúideach.
- Easpa eolais, tuisceana agus/nó acmhainneachta braite agus/nó iarbhír ag fostóirí agus soláthraithe seirbhíse chun saincheistanna idirdhealaithe, ciapadh bunaithe ar chéannacht agus ciapadh gnéasach i measc fostaithe agus úsáideoirí seirbhíse a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach.
- **Mainneachtain oiriúnuithe a dhéanamh don éagsúlacht d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shonracha a eascraíonn as an éagsúlacht seo (rochtain ar sheirbhísí agus ar fhostaíocht agus rannpháirtíocht iontu). Go háirithe, léirítear leis na sonraí:**
 - Easpa solúbthachta i ndearadh agus i seachadadh seirbhísí, clár agus tacaíochtaí;
 - acmhainn agus eolas teoranta (i measc fostóirí agus soláthraithe seirbhíse) chun impleachtaí praiticiúla na héagsúlachta do dhaoine faoi mhíchumas, agus do dhaoine a bhfuil féiniúlacht eitneach mionlaigh acu, a thuiscint agus freagairt dóibh;
 - gan dóthain airde a thabhairt ar éagsúlacht riachtanas na ndaoine atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath;
 - tuiscint agus machnamh neamhleor ar shaincheistanna trasnaíochta a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le heispéiris idirdhealaithe agus neamhionannais iolracha agus méadaitheacha do ghrúpaí aitheanta.
- **Dofheictheacht na héagsúlachta agus easpa sonraí comhionannais (maidir le fostaíocht agus soláthar seirbhísí) chun éagsúlacht a thomhas agus dul chun cinn a mhonatóiriú i dtaca le torthaí do ghrúpaí sonracha (lena n-áirítear i dtaca le hoideachas agus fostaíocht).**
- **Fadhbanna maidir le haonrúcháin agus eisiaimh shóisialta i ndáil le grúpaí áirithe, a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar a rochtain ar fhostaíocht agus ar oideachas agus ar a rannpháirtíocht iontu. Go háirithe, léirítear leis na sonraí:**
 - Daoine den Lucht Siúil, daoine LADTI+, agus daoine faoi 'mhíchumais fholaithe' a bhraitheann go bhfuil orthu a bhféiniúlacht a cheilt (i suíomhanna fostaíochta agus oideachais) mar gheall ar eagla go gcaithfear go diúltach léi, rud a mhéadaíonn a n-uaigneas;
 - imircigh, go háirithe iad siúd nach é an Béarla an chéad teanga acu, agus daoine atá ina gcónaí faoin soláthar díreach, scoite amach ó sheirbhísí agus ó thacaí; agus
 - bacainní ar chuimsiú sóisialta do dhaoine scothaosta (go háirithe iad siúd atá ina gcónaí leo féin agus/nó i gceantair thuaithe), daoine faoi mhíchumas, agus daoine atá ina gcónaí i mbochtaineacht.
- **Coireanna fuatha agus fuathchaint i gcoinne grúpaí mionlaigh eitneacha, agus daoine LADTI+ (i spásanna poiblí, ar na meáin shóisialta), agus tearcthuairisciú suntasach ar eachtraí ciníocha, chuig na Gardaí.**

Cúram agus Pobal

In BOOLUF, áirítear sa chúram fócas ar chaidrimh bhríocha, ar nascacht agus ar dhlúthpháirtíocht.

In BOOLUF, áirítear leis an bPobal fócas ar áirithiú go mbeidh braistint chómhuintearais agus ionadaíocht a dtugtar aird di.

Is iad seo a leanas na saincheistanna comhionannais agus cearta daonna atá le réiteach, a bhaineann le luachanna an Chúraim agus an Phobail:

- *Easpa spásanna agus deiseanna chun éagsúlacht guthanna, na ngrúpaí aitheanta, a chur in iúl go héifeachtach.* Go háirithe, léirítear leis na sonraí:
 - mainneachtain arna dhéanamh ag soláthraithe seirbhíse agus fostóirí deimhin a dhéanamh go bhfuil dearcadh agus taithí mhaireachtála daoine atá ag fulaingt ón neamhionannas, ón idirdhealú agus ón eisiámh sóisialta mar bhonn eolais do thosaíochtaí agus chur chuige i ndáil le fostaíocht agus soláthar seirbhísí;
 - easpa eolais ag soláthraithe seirbhíse i dtaobh grúpaí abhcóideachta áitiúla agus/nó mainneachtain naisc a thógáil leo le haghaidh rochtain ar BO&O agus rannpháirtíocht inti a mhéadú ag na grúpaí sainaitheanta; agus
 - tearcionadaíocht daoine ó na grúpaí sainaitheanta i bpoist cinnteoireachta agus i struchtúir chun cinn a mhúnlú agus a dhéanamh.
- *Léiriú teoranta ar pheirspictíochtaí agus roghanna aonair ag baill de na grúpaí aitheanta.* Go háirithe, léirítear leis na sonraí:
 - leibhéil ísle muiníne maidir le roghanna a dhéanamh agus rochtain a fháil ar na roghanna atá ar fáil, agus maidir le cearta a fheidhmiú mar gheall ar, mar shampla, tionchar an idirdhealaithe agus an eisiámh shóisialta; an t-éagóir inmheánach, an náire agus an stiogma;
 - bacainní ar chumarsáid le soláthraithe seirbhíse agus seirbhísí tacaíochta a éilíonn cumarsáid ar líne, do: daoine a bhfuil fadhbanna litearthachta acu; daoine a bhfuil taithí acu ar eisiámh digiteach; daoine nach í an Béarla an chéad teanga acu;
 - cur i bhfeidhm fadhbach lionsa ‘mhúnla leighis’ i leith míchumais (seachas lionsa mhúnla sóisialta) as a dtagann díchumhachtú daoine faoi mhíchumas, agus mainneachtain daoine faoi mhíchumas a chur i gcroílár an aonaigh mar shaineolaithe maidir lena gcás agus a riachtanais;
 - gan a bheith in ann saincheistanna agus riachtanais a chur in iúl mar gheall ar iallach a bheith ar an duine a chéannacht nó a céannacht a cheilt (Daoine den Lucht Siúil, daoine LADTI, agus daoine faoi mhíchumas ceilte); agus
 - easpa faisnéise, agus bacainní ar rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi na roghanna atá ar fáil agus a chinntiú go ndéantar roghanna eolasacha.
- *Tearcthuairisciú suntasach ar idirdhealú (i bhfostaíocht agus/nó i soláthar seirbhísí) agus ciapadh gnéasach san ionad oibre.*

3. Cur i bhFeidhm an Dualgais in BOOLUF a Chumasú

3.1. Ceannaireacht chun cur i bhfeidhm a chur ar aghaidh

Tá Grúpa Oibre inmheánach um Dhualgas san Earnáil Phoiblí bunaithe ag BOOLUF chun tacú le cur i bhfeidhm an Dualgais agus chun é a chur ar aghaidh. Tá an grúpa tras-rannach de chineál.

Tacóidh an Grúpa Oibre um Dhualgas na hEarnála Poiblí le cur i bhfeidhm leanúnach an Dleachta, lena n-áirítear:

- ag obair leis an bhFoireann Bainistíochta Shinsearach chun gníomhartha a shainaitheint mar bhéim le díriú air mar Dhualgas, ó na pleananna seirbhíse bliantúla.
- tacú leis an bpróiseas tógála acmhainne chun a chinntiú go mbeidh an eagraíocht níos eolaí ar an Dualgas.
- maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm gníomhartha ina bhfuil an Dualgas mar fhócas, go sonrach:
 - a chinntiú go ndéantar tuairisciú don ghrúpa oibre ar na gníomhartha a sainaitheint mar bhéim le díriú air mar Dhualgas; agus
 - tuarascáil bhliantúil a thiomsú ar dhul chun cinn agus forbairtí i gcur i bhfeidhm an Dualgais, lena n-áirítear lena cur san áireamh i dtuarascáil bhliantúil BOOLUF (mar a cheanglaítear faoi Alt 42(2) den Dualgas).

Beidh ról lárnach ag an bhFoireann Bainistíochta Sinsearach (FBS) maidir le hobair leanúnach na heagraíochta a thiomáint agus a thacú chun ár n-oibleagáidí reachtúla faoin Dualgas a chomhlíonadh. Áireoidh sé seo:

- a chinntiú go dtagraíonn ráitis straitéise agus pleananna seirbhíse bliantúla na heagraíochta dár ngníomhartha atá beartaithe faoin Dualgas, agus go mbunaítear KPIanna chun aschur agus torthaí na ngníomhartha seo a rianú;
- a chinntiú go gcuirtear an fhoireann ar an eolas faoin Dualgas agus a cheanglais dhlíthiúla agus go gcuirtear oiliúint orthu;
- nuashonruithe a fháil ón nGrúpa Oibre um Dhualgas na hEarnála Poiblí; agus
- a chinntiú go dtuairiscíonn an eagraíocht ar dhul chun cinn agus forbairtí i gcur i bhfeidhm an Dualgais, tríd an tuarascáil bhliantúil, mar a cheanglaítear faoi S(42)2.

3.2. Forbairt acmhainne chun cur i bhfeidhm a chumasú

Chun an Dualgas a chur i bhfeidhm go rathúil ar fud ár bhfeidhmeanna, beidh gá le hacmhainn foirne a fhorbairt chun:

- a chinntiú go mbeidh eolas ar fud na heagraíochta ar an Dualgas agus ar an gcaoi a bhféadfadh feidhm aige maidir le réimsí feidhme éagsúla; agus
- a chinntiú go dtuigeann baill foirne a bhfuil ról shonracha acu i ndáil le forbairt agus/nó athbhreithniú beartas, nósanna imeachta, pleananna, clár agus seirbhísí BOOLUF an Dualgas
- agus a riachtanais, agus conas an measúnú comhionannais agus chearta an duine a úsáid i dtaca leis na próisis forbartha agus athbhreithnithe sin.

3.3. Cumarsáid

Úsáidfidh BOOLUF ár gcainéil agus ár gcórais chumarsáide atá ann cheana féin chun feacht a mhúscailt faoin Dualgas ar fud na heagraíochta agus lenár bpríomhpháirtithe leasmhara.

Áirítear ar na príomhchainéil agus na príomhchórais:

- Ionduchtú foirne
- Suíomh gréasáin BOOLUF
- Nuachtlitir BOO
- SharePoint Foirne
- Meán shóisialta

4. An Dualgas a Chur i bhFeidhm

4.1. Cur i bhFeidhm Pleanála

Is é Ráiteas Straitéise BOOLUF an doiciméad bunchloiche chun an Dualgas a chur i bhfeidhm. Beidh nasc sa ráiteas straitéise chuig measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine; agus Plean Chur i bhFeidhm Dualgais BOOLUF.

Ba cheart cur i bhfeidhm leanúnach an Dualgais a chomhtháthú i dtimthriall pleanála straitéisí BOOLUF. Beidh na pleananna seirbhíse bliantúla ríthábhachtach sa mhéid seo freisin, agus déanfaidh siad:

- gníomhartha sonracha a lipéadú (forbairt/athbhreithniú pleananna, beartas, seirbhísí, clár srl.) a bheidh faoi réir measúnacht tionchair ar chomhionannas agus ar chearta an duine, mar chuid den Dualgas leanúnach faoi Alt 42(1); agus
 - Dualgas a shainaithint lena gcumasaítear gníomhartha a dhéanamh, amhail oiliúint foirne.

Beidh ról ag Grúpa Oibre Dualgais BOOLUF i maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha seo go bliantúil agus a chinntiú go dtuairisceoidh an fhoireann atá freagrach ar dhul chun cinn agus ar fhorbairtí.

4.2. Dualgas Leanúnach

Ceanglaítear le hAlt 42(2) de Dhualgas na hEarnála Poiblí i leith Comhionannais agus Cearta an Duine ar chomhlacht poiblí na pleananna, na beartais, na gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá beartaithe a aithint, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine a sainaithníodh sa mheasúnú.

Tá roinnt pleananna, beartas, tionscnamh, seirbhísí agus clár i bhfeidhm ag BOOLUF faoi láthair, trína chuid oibre leanúnaí, a dhíríonn ar shaincheisteanna tosaíochta do na grúpaí atá sainaitheanta i ndáil leis an Dualgas, ón measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta daonna. Tá siad seo leagtha amach in Aguisín A thíos. Ba cheart measúnú tionchair ar chomhionannas agus ar chearta daonna a dhéanamh ar na pleananna, na beartais, na tionscnaimh, na seirbhísí agus na cláir seo atá i bhfeidhm faoi láthair (féach 4.3 thíos) mar chuid dár gcuid oibre leanúnaí chun feabhas a chur ar ár bhfreagairt maidir le dul i ngleic le saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine dár bhfoireann, dár bhfoghlaimoírí, dár mic léinn agus dár n-úsáideoirí seirbhíse.

Gach bliain, sainaithnítear príomhphointí i dtéarmaí próiseas forbartha agus athbhreithnithe maidir le beartais, pleananna, seirbhísí agus cláir, atá le forbairt nó le hathbhreithniú, a bheidh faoi réir measúnacht tionchair ar chomhionannas agus ar chearta daonna. Tá roinnt tráthanna tábhachtacha laistigh de thimthriall pleanála straitéisí BOOLUF ina ndíreofar ar aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta daonna, ón measúnú. Áirítear ar na príomhchuidhneacháin seo:

- An ráiteas straitéise a ullmhú
- Pleananna seirbhíse bliantúla a ullmhú
- An Chomhaontú Feidhmíochta Straitéisí le SOLAS a ullmhú
- Timthriall pleanála agus athbhreithnithe scoile DEIS

Chomh maith leis an méid thuas, bíonn tráthanna forbartha/athbhreithnithe eile ann a tharlaíonn laistigh de thimthriall pleanála straitéisí ar leith inar cheart díriú ar an Dualgas. Féadfar go mbeidh na míreanna seo cláraithe cheana féin le haghaidh athbhreithnithe nó forbartha, nó d'fhéadfadh an roinn ábhartha iad a roghnú le hathbhreithniú a dhéanamh orthu trí mheasúnú tionchair ar chomhionannas agus ar chearta an duine, agus áireofar leo:

- Tionscnamh oiliúna foirne agus forbartha gairmiúla leanúnaí a sceidealú
- Forbairt/athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta acmhainní daonna
- Forbairt/athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta seirbhísí corparáideacha
- Forbairt/athbhreithniú ar chláir, tionscnaimh agus beartais atá dírithe ar fhoghlaimoirí

4.3. Measúnú Tionchair ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine

Déantar measúnú tionchair ar chomhionannas agus ar chearta an duine chun éifeacht a thabhairt don Dualgas leanúnach, Alt 42(1). Cuirtear i bhfeidhm é mar chuid dhílis d'fhorbairt agus d'athbhreithniú straitéisí, pleananna, beartas, clár, seirbhísí agus tionscnamh. Is é an measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta an duine, alt 3. thuas, an uirlis is tábhachtaí chun cabhrú le measúnú tionchair ar chomhionannas agus ar chearta an duine a dhéanamh.

Is é freagracht na rannóige/na foirne atá ag forbairt nó ag athbhreithniú na straitéise, an phlean, an bheartais, an chláir, na seirbhíse nó an tionscnaimh atá i gceist an measúnú tionchair ar chomhionannas agus ar chearta an duine a dhéanamh.

Cuirtear teimpléad ar fáil (Aguisín B) chun cabhrú leis an rannóg/foireann measúnú tionchair ar chomhionannas agus ar chearta an duine a dhéanamh agus chun cur chuige comhtháite a chinntiú ar fud na heagraíochta.

Ag tús an phróisis forbartha/athbhreithnithe, déanfaidh an fhoireann atá freagrach:

- athbhreithniú ar mheasúnú saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine chun na saincheisteanna sin atá ábhartha don straitéis, don phlean, don bheartas, don chlár, don tseirbhís nó don tionscnamh atá i gceist a bhunú; agus
- aon sonraí agus faisnéis bhreise atá ar fáil a bhailiú, i ndáil leis na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a aithníodh mar shaincheisteanna ábhartha, chun tuiscint ar na saincheisteanna atá i gceist a chinntiú. D'fhéadfadh an leabhar fianaise don mheasúnú a bheith cabhrach chuige sin.

Agus an próiseas forbartha/athbhreithnithe á chur i bhfeidhm, déanfaidh an fhoireann atá freagrach:

- fócas a chur ar na saincheisteanna ábhartha comhionannais agus chearta an duine in aon mheastóireacht nó athbhreithniú comhthéacsúil a dhéantar mar chuid den phróiseas forbartha/athbhreithnithe;
- a chinntiú go bhfuil aon chomhairleoirí seachtracha a bhfuil conradh á dhéanamh acu chun an fhorbairt/athbhreithniú atá i gceist a dhéanamh curtha ar an eolas go hiomlán faoin Dualgas agus na ceanglais; agus
- na saincheisteanna ábhartha comhionannais agus chearta an duine a rianú lena chinntiú go dtugtar aghaidh orthu sa straitéis, sa phlean, sa pholasaí, sa chlár, sa tseirbhís nó sa tionscnamh atá i gceist.

Ag céim dheireanach an phróisis forbartha/athbhreithnithe, déanfaidh an fhoireann atá freagrach:

- cruinniú de gheallsealbhóirí ábhartha a thionól, de réir mar is iomchuí, chun a sheiceáil an bhfuil aghaidh á thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a aithníodh mar shaincheisteanna ábhartha go leordhóthanach agus go cuí, agus go bhfuil siad ailínithe le croíluchanna BOOLUF; agus
- cleachtadh rannpháirteach a dhéanamh, de réir mar is iomchuí i gcás tionscnamh ar scála mór, leis an ngrúpa oibre don Dualgas agus/nó le hionadaithe na ngrúpaí a sainaitníodh, chun a sheiceáil an bhfuil na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine sainaitheanta agus aghaidh tugtha orthu go leordhóthanach agus go hiomchuí sa straitéis, sa phlean, sa bheartas, sa chlár, sa tseirbhís nó sa tionscnamh atá i gceist.

Tar éis an phróisis forbartha/athbhreithnithe:

- Córais mhonatóireachta atá ann cheana a bhunú agus/nó a úsáid chun dul chun cinn a rianú maidir leis na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a aithníodh mar shaincheisteanna ábhartha.
- Tuairisc bhliantúil a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta maidir le dul i ngleic le saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine – céim na Tuairiscithe den Dualgas.
- úsáid a bhaint as an tuarascáil seo chun machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn seo agus chun an phlean, an beartas nó an clár a neartú de réir mar is gá.

5. Tuairisciú ar chur i bhfeidhm an Dualgais

Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fhorbairtí i gcur i bhfeidhm an Dualgais, laistigh de thuarascáil bhliantúil na heagraíochta.

I dtuarascáil bhliantúil BOOLUF tabharfar forbhreathnú ar fhorbairtí agus ar éachtaí i dtaobh cur i bhfeidhm an Dualgais agus i dtuarascáil ar leithligh, níos mionsonraithe, féachfar leis na nithe seo a leanas a ghabháil:

- torthaí nua do na grúpaí atá sainaitheanta don Dualgas;
- forbairtí agus feabhsuithe i dtaobh seachadadh fheidhmeanna BOOLUF, ó pheirspictíocht chomhionannais agus chearta an duine; agus
- feabhsuithe i bpróisis rannánacha chun fócas ar chomhionannas agus ar chearta an duine a dhaingniú.

Forbróidh an Grúpa Oibre um Dhualgais na hEarnála Poiblí an tuarascáil níos mionsonraithe seo agus úsáidfear í mar bhunús chun an fhaisnéis a bhaint amach le cur inár dtuarascáil bhliantúil.

6. Gníomhartha Tosaíochta a Shainnithint

Gach bliain, ag an bpointe a mbeidh pleananna bliantúla seachadta seirbhíse á bhforbairt, sainnithneofar roinnt gníomhartha, ó na pleananna seirbhíse bliantúla, le díriú orthu go sonrach mar spriocphointe Dualgais. Déanfaidh an Fhoireann Ardbhainistíochta agus an Grúpa Oibre PSD cumarsáid faoi seo.

Don tréimhse ó Aibreán go Nollaig 2025, déanfaidh BOOLUF na gníomhartha seo a leanas:

- Cuirfear seisiún(acha) eolais faoin Dualgas ar fáil don fhoireann Seirbhísí Corparáideacha, agus do bhaill foirne ó rannóga eile a bhfuil ról lárnach acu i bhforbairt/athbhreithniú beartas, pleananna, straitéisí, tionscnamh, seirbhísí/clár.
- Tá an eagraíocht ar tí athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar gach polasaí agus nós imeachta eagraíochtúil, agus aithnítear na polasaithe seo a leanas mar na chéad pholasaithe a ndéanfar athbhreithniú orthu agus beidh siad faoi réir measúnú tionchair ar chomhionannas agus ar chearta daonna:
 - Beartas Earcaíochta
 - Beartas Iontrála
 - Beartas um Chosaint Leanaí
 - Beartas Cúraim Chustaiméirí
 - Beartas na Scoileanna Bí Cinealta
- Beidh na gníomhartha seo a leanas ó Phlean Seirbhíse 2025 faoi réir measúnaithe tionchair ar chomhionannas agus ar chearta an duine:
 - Oiliúint um Chosaint Leanaí (Múinteoirí, Cúntóirí Riachtanais Speisialta agus foireann choimhdeach)
 - Grúpa oibre a bhunú d'fhonn comhionannas a chur chun cinn agus idirdhealú a chosc.
 - Leanúint le rochtain ionchuimsitheach a chur ar fáil d'oideachais ceoil gan bacainní do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil.
 - Dualgas Cúraim na hEarnála Poiblí leis na gníomhartha leantacha cuí a chríochnú, de réir mar is gá.
 - Leanúint le tacú le forbairt All Stars de chuid BOOLUF, tionscnamh spóirt ionchuimsitheach do scoláirí atá cláraithe i ranganna speisialta.
- Tá na gníomhartha eile seo a leanas sainnithneanta agus cuirfear i bhfeidhm iad sa tréimhse ón 25 Iúil go dtí an Meitheamh 2026:

- Cuir fócas ar Dhualgas agus a ábharthacht d'fhoghlaimoirí ionchasacha agus reatha san áireamh i ngach lá oscailte agus i ngach imeacht/tionscnamh cur chun cinn.
- Eagraigh imeachtaí ina ndéantar ceiliúradh ar an éagsúlacht agus ar chearta an duine.
- Leanúint de chur i bhfeidhm an Phlean Monatóireachta um Chosaint Leanaí.
- A chinntiú go bhfuil an suíomh gréasáin www.loetb.ie inrochtana ag gach úsáideoir.
- Seirbhísí cuí a fháil le haghaidh úsáid Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus aistriúchán.
- Leanúint de bheith ag cur an chláir 'Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna' i bhfeidhm, lena n-áirítear pleanáil Féinmheastóireachta Scoile.
- Leanúint ar aghaidh le seachadadh an chláir/róil 'Tacaíocht Oideachais do Thaistealaithe' i Scoileanna BOOLUF.
- Leanúint ar aghaidh le mapáil riachtanas oideachais speisialta (Mapáil Soláthair ETBI/MIC) a dhéanamh i ngach scoil de chuid BOOLUF.
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt do Phobal Cleachtais an Chomhordaitheora Riachtanas Oideachais Speisialta/Chomordaitheoirí Ranganna Speisialta.
- Leanúint de chláir BO&O spriocdhírthe a rolladh amach, lena n-áirítear Ógtheagmháil, Litearthacht agus Oideachas Bunúsach d'Aosaigh, ESOL/EAL, etc.
- Oiliúint ar Chomhionannas agus Cearta Daonna sa tSeirbhís Phoiblí a chur i bhfeidhm don fhoireann.
- Oiliúint um Dhínit san Ionad Oibre a rolladh amach don fhoireann.
- Cinntigh go bhfuil an fhoireann go hiomlán ar an eolas faoin bpróiseas chun iarratais ar chóiríocht réasúnta a dhéanamh, lena n-áirítear teicneolaíochtaí cúnaimh.
- Eolas a chur ar fáil don fhoireann faoi sheirbhísí tacaíochta.
- Cuir PSD san áireamh mar chuid de gach clár ionductaithe agus oiliúna.
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an nGrúpa Stiúrtha PSD tras-chrann taca agus tras-ghráid nua.
- Leanúint ar aghaidh ag tabhairt faoi Dhualgas na hEarnála Poilbí i leith Comhionannais agus Cearta an Duine agus ag ardú feasachta i measc foghlaimoirí agus geallsealbhóirí seachtracha ina leith.
- Beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine.
- Foilsigh tuarascáil ar an mBearna Pá Inscne 2024.

- Cairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta athbhreithnithe a chur i bhfeidhm ina leagtar amach gealltanais chomhroinnte maidir le seirbhísí inrochtana a sholáthar (An tAcht um Míchumas, 2005)
- Cinntigh go bhfuil 100% de thógálacha nua nó uasghráduithe inrochtana go hiomlán.
- Ceanglais um chearta an duine agus comhionannais a áireamh i bpróisis soláthair agus i ndeontais.
- Déan measúnú um chearta daonna agus comhionannas le linn straitéisí nó pleananna a dhréachtú nó a athbhreithniú.

Maidir leis an Grúpa Oibre PSD:

- Rachaidh sé i dteagmháil leis an mball/na baill foirne aonair atá freagrach as na gníomhartha thuasluaite, lena chinntiú go bhfuil siad eolach ar an Dualgas, ar an bplean cur chun feidhme seo, agus ar an measúnú comhionannais agus cearta daonna don Dualgas; agus
- Deimhneoidh sé go ndéanann an ball/na baill foirne aonair atá freagrach as na gníomhartha atá sainitheanta thuas tuairisciú ar dhul chun cinn agus ar thorthaí maidir leis na gníomhartha seo a chur i gcrích, d'fhonn tuarascáil a fhorbairt ar dhul chun cinn agus ar fhorbairt BOOLUF i gcur i bhfeidhm an Dualgais. Beidh an tuarascáil seo mar bhonn eolais dár dtuairisciú i dtaobh an Dualgais, trí thuarascáil bhliantúil na heagraíochta, de réir an cheanglais dhlíthiúil faoi 42(2).

Aguisín A.

Pleananna, beartais, cláir, seirbhísí agus tionscnaimh atá i bhfeidhm faoi láthair ag BOOLUF a dhíríonn ar shaincheisteanna tosaíochta do na grúpaí atá sainaitheanta don Dualgas.

Nóta - Déanfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna BOOLUF measúnuithe tionchair ar chomhionannas agus ar chearta an duine ar na pleananna, na beartais, na cláir agus na seirbhísí seo lena chinntiú go bhfuil siad ag tabhairt aghaidh go leordhóthanach agus go cuí ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a sainaitheodh inár measúnú.

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta - Acmhainní Daonna

- Beartas Comhionannais Fostaíochta BOOLUF
- Beartas BOOLUF um Chosc Ciapadh agus Ciapadh Gnéasach
- Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe BOOLUF

Breisoideachas agus Oiliúint

Straitéis BO&O BOOLUF (lena n-áirítear fócas lárnach ar chuimsiú gníomhach) agus comhaontú feidhmíochta straitéisí BOOLUF (le SOLAS) chun Straitéis BO&O a sheachadadh.

Beartas um Chóiríocht Réasúnta BOOLUF do Dhámhachtainí QQI (soláthraíonn sé creat agus treoirleáid maidir le tacaíochtaí Cóiríochta Réasúnta a sholáthar le haghaidh measúnaithe do fhoghlaimoirí atá rannpháirteach i gcláir QQI laistigh d'Ionaid agus Seirbhísí BO&O in BOOLUF)

Tacaíochtaí cuimsithe BOOLUF do fhoghlaimoirí, lena n-áirítear:

- Tacaíochtaí Cóiríochta Réasúnta
- Tacaíochtaí teicneolaíochta cúnta
- Scéim iasachta ríomhaire glúine
- Cláir oiliúna spriocdhírthe do mhic léinn faoi mhíchumas agus a bhfuil riachtanais tacaíochta breise acu
- Tacaíochtaí spriocdhírthe do fhoghlaimoirí faoi mhíchumas agus riachtanais tacaíochta breise

Treoirleáid Reachtúla Dearbhaithe Cáilíochta QQI lena n-áirítear fócas ar thimpeallacht foghlama a chinntiú a thugann meas agus aird ar éagsúlacht foghlaimoirí agus a gcuid riachtanas, rud a chuireann conairí foghlama solúbtha ar chumas; a chuireann meas frithpháirteach chun cinn sa chaidreamh idir foghlaimoirí agus múinteoirí; agus a bhfuil nósanna imeachta ann chun déileáil le gearáin foghlaimoirí; a chinntiú go bhfuil tacaíochtaí inrochtana agus dearcthaí foghlaimoirí a lorg maidir le leordhóthanacht agus cáilíocht tacaíochtaí.

Beartas QQI maidir le Rochtain, Aistriú, agus Dul Chun Cinn in Oideachas Breise agus Ardoideachais agus in oiliúint (lena n-áirítear gur cheart go mbeadh feidhm ag “rochtain” maidir le gach foghlaimeoir, ach go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu agus iad siúd ó phobail faoi mhíbhuntáiste, agus lena n-áirítear ceanglas ar sholáthraithe sonraí a fhoilsiú faoi thacaí sonracha do ghrúpaí sonracha foghlaimeoirí, amhail foghlaimeoirí faoi mhíchumas agus foghlaimeoirí nach í an Béarla a máthairtheanga)

Treoirlínte Reachtúla Dearbhaithe Cáilíochta QQI do sholáthraithe Clár Printíseachta (lena n-áirítear an gá atá le cóiríocht réasúnta a chinntiú do phrintísigh faoi mhíchumas, chun a chinntiú gur féidir leo printíseachtaí a chríochnú go rathúil).

Clár réamhphrintíseachta BOOLUF i leith an Lucht Siúil.

Cairt Dearaidh Uilíoch don oideachas tríú leibhéal (a dhíríonn ar dhearadh uilíoch a chothabháil i gceithre réimse: foghlaim, teagasc agus measúnú; seirbhísí tacaíochta agus rannpháirtíocht shóisialta; an timpeallacht fhisiciúil; agus an timpeallacht dhigiteach)

Soláthar oideachais do phríosúnaigh: cuireann BOOLUF litearthacht, uimhearthacht, soláthar oideachais bhunúsach ghinearálta agus clár leathana oideachais ar fáil i bPríosúin Phort Laoise agus na Meán-Tíre.

Tionscnamh Tacaíochta Infhostaitheachta Óige BOOLUF chun tacú le daoine óga idir 15 agus 24 bliana d’aois nach bhfuil in oideachas, fostaíocht ná oiliúint.

Plean Oibre Óige BOOLUF, 2023-2027 (a shainaithníonn grúpaí leochaileacha a bhfuil gá le fócas ar leith orthu: daoine óga den Lucht Siúil, daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, oiliúna ná fostaíochta, daoine óga a bhfuil fadhbanna sláinte meabhrach acu, daoine óga a bhfuil féiniúlacht mhionlaigh eitnigh acu (lena n-áirítear iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta)

Treoirlínte BOOLUF maidir le hIarratas ar Mhaoiniú Oideachais Pobail (lena n-áirítear tosaíocht a thabhairt do ghrúpaí atá sainaitheanta don Dualgas (an Lucht Siúil, daoine scothaosta, tuismitheoirí aonair, imircigh/iarrthóirí tearmainn/dídeanaithe, daoine faoi mhíchumas, daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (dífhostaithe agus lasmuigh den lucht saothair, daoine a fhágann an scoil go luath, príosúnaigh agus iar-phríosúnaigh, daoine gan dídean)

Scoileanna

Pleanáil Ghnímh DEIS: ceithre cinn de na hiar-bhunscoileanna BOOLUF atá i gclár DEIS. Is é clár DEIS an príomhionstraim beartais chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Ní mór do gach scoil sa chlár DEIS dul i mbun pleanála gníomhaíochta córasaí chun feabhsúcháin, lena n-áirítear fócas ar aistriú oideachais agus coinneáil daltaí, litearthacht agus uimhearthacht, folláine, agus comhpháirtíocht le tuismitheoirí.

Mapáil Soláthair (Tionscnamh BOO Éireann): Tá na naoi iar-bhunscoil BOOLUF ag gabháil do Mhapáil Soláthair lena n-úsáidtear timthriall féinmheastóireachta na scoile chun raon na dtacaíochtaí d'oideachas cuimsitheach agus speisialta a shainathint agus a mheas ar fud an leanúnachais tacaíochta, lena n-áirítear do: daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, lena n-áirítear míchumais a bhaineann go sonrach le litearthacht, uimhearthacht agus teanga; foghlaimeoirí arb í an Béarla an dara teanga acu, agus iad siúd ó chúlraí eitneacha agus cultúrtha éagsúla, lena n-áirítear pobail an Lucht Siúil agus na Romach.

Aguisín B. Teimpléad chun cabhrú le measúnú tionchair ar chomhionannas agus ar chearta an duine a dhéanamh.

Aguisín B

Teimpléad chun an measúnú a úsáid chun polasaí/nós imeachta/plean a athbhreithniú

1. Ag baint úsáid as measúnú BOOLUF ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine, bain amach na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine atá ábhartha don pholasaí/nós imeachta/plean seo.
2. Sainaithin (i gcolún 2) an bhfuil gach ceann de na saincheisteanna ábhartha a baineadh as an measúnú á bplé sa dréachtbheartas/nós imeachta/phlean reatha.
3. Sainaithin conas a d'fhéadfaí an dréacht-bheartas/nós imeachta/plean a leasú chun aghaidh a thabhairt go leormhaith agus go cuí ar gach ceann de na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine ábhartha (colún 3)
4. An bhfuil an dréacht-bheartas/nós imeachta/plean reatha ag teacht leis an uailmhian atá leagtha síos faoi chroiluachanna BOOLUF? An bhfuil aon teanga ónár ráiteas luachanna a thabharfá isteach sa bheartas/nós imeachta/phlean?

Saincheisteanna ábhartha comhionannais agus cearta daonna a sainaithníodh (ón measúnú)	An bhfuil an cheist seo pléite sa dréacht reatha den bheartas/phlean? (tá/ go páirteach/níl)	Cuid/codanna/ ailt ábhartha den bheartas/phlean	Conas a thabharfar aghaidh ar an gceist seo sa bheartas/phlean



**Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí**

